
# Uillinntomhas a chur le PowerPoint

**Taispeánann an treoir seo duit conas íomhánna trédhearcacha a úsáid a fhaightear ó íomhánna atá saor ó ríchíosanna chun níos mó feidhmiúlachta a chur le PowerPoint don Mhatamaitic**




1

www.pixabay.com

*Tá níos mó ná 1.6 milliún grianghraf saor ó ríchíosanna agus físeáin ar Pixabay, a roinn pobal flaithiúil.*


Cláraigh chun íomhánna a íoslódáil.

Sa bharra cuardaigh, scríobh 'protractor'




2


Roghnaigh an tsaighead in aice le Dath ('Color') chun na torthaí cuardaigh a bheachtú go Trédhearcach ('Transparent')'




3

Roghnaigh íomhá ó na híomhánna saor in aisce atá ar fáil. Sa sampla seo roghnaigh muid an t-uillinntomhas a léirítear sa bhosca bándearg.


Ná roghnaigh aon cheann de na híomhánna sa rannán **Íomhánna Urraithe (Sponsored Images)** mar go mbeidh íocaíocht agus / nó síntiús de dhíth ar na híomhánna seo.





4

Léiríonn an cúlra le patrún go bhfuil cúlra trédhearcach ag an íomhá.

1. Roghnaigh **Íoslódáil Saor in Aisce (Free Download)**
2. Roghnaigh méid áirithe don íomhá (oibreoidh gach méid)
3. Roghnaigh **Íoslódáil** chun an íomhá a shábháil ar do ríomhaire
4. Nuair a bheas an íoslódáil críochnaithe feicfidh tú í ag bun do scáileáin bhrabhsálaí




5



Anseo feicfidh tú go bhfuil sleamhnán PowerPoint againn le híomhá de línte comhthreomhara le trasnaí. Is mian linn gnéithe den léaráid seo a imscrúdú agus is mian linn uillinntomhas a úsáid chun é sin a dhéanamh.

Ar an gcluaisín **Ionsáigh (Insert)**, roghnaigh **Pictiúir** chun íomhá an uillinntomhais a d'íoslódáil muid agus a shábháil muid ó Pixabay ar ball beag a chur leis.


6




D'fhonn íomhá an uillinntomhais a ionramháil, níl PowerPoint i **mód Láithreora (Presenter mode)**.

Bog an t-uillinntomhas timpeall an scáileáin chun é a chur sa suíomh atá ag teastáil.
Rothlaigh an t-uillinntomhas ag baint úsáid as an tsaighead chiorclach (circular arrow).


7



Cuir íomhá an uillinntomhais le haon sleamhnán PowerPoint san áit ar mhaith leat roinnt uillinneacha a thomhas!



Is féidir leat cineálacha eile uillinntomhais agus íomhánna a íoslódáil ó Pixabay, mar shampla na cinn a léirítear anseo!



8